



Eleathanach 368



Dé Luain, an 30 Samhain 2020



Leathanaigh ó Leabhar Cheanannais

Tá na mná ag teacht!

Tá Coláiste na Tríonóide i lár Bhaile Átha Cliath agus tá leabharlann mhór ann.

Tá Leabhar Cheanannais le feiceáil sa leabharlann seo. Is leabhar an-sean é agus anuraidh chuaigh níos mó ná milliún duine ar cuairt chun é a fheiceáil.

Sa leabharlann tá seomra mór fada ann freisin le 200, 000 leabhar. Tá an *Long Room* 65 méadar ar fad. Chomh maith leis na leabhair, tá 40 dealbh sa seomra mór seo.

Is dealbha de dhaoine cáiliúla ón stair iad. Ní raibh aon bhean ina measc go dtí seo. D'fhógair siad an tseachtain seo caite go mbeadh ceithre dhealbha nua de mhná ann go luath.

Ina measc, beidh an matamaiticeoir Ada Lovelace (1815-1852). Thuig sí go raibh ríomhairí in ann níos mó a dhéanamh ná suimeanna!



Is dócha nach raibh ríomhaire mar seo aici ag an am!

Gradam "Leabhar na Bliana"

Bhuaigh *Break The Mould* gradam "Leabhar na Bliana" do pháistí sinsir an tseachtain seo caite. Is í Sinéad Burke údar an leabhair agus is í Natalie Byrne an maisitheoir.

Is duine beag í Sinéad Burke agus shocraigh sí an leabhar a scríobh chun daoine óga a spreagadh.

Deir Sinéad sa leabhar gur cheart dúinn a bheith bródúil agus nach gá a bheith go hiomlán mar an gcéanna lenár gcairde! Tá a lán moltaí sa leabhar atá bunaithe ar shaol agus ar thaithí Shinéad agus í óg.



Comórtas Amhránaíochta Junior Eurovision

Ó 2003 tá *Junior Eurovision* ag tabhairt deis do dhaoine óga ó thíortha na hEorpa páirt a ghlacadh i gcomórtas amhránaíochta bliantúil.

Thosaigh Éire ag glacadh páirte sa bhliain 2015. Bhí clár teilifíse ar siúl ar TG4 chun duine a roghnú gach bliain ó shin. Bhí an duine a bhuaigh an comórtas ar TG4 mar ionadaí ar son na hÉireann sa chomórtas Eorpach.

Ach i mbliana ní raibh aon iomaitheoir ar son na hÉireann, de bharr an Choróinviris. Tá a lán tíortha eile nár ghlac páirt sa chomórtas ach oiread.

É sin ráite, bhí an comórtas ar siúl ar an 29 Samhain. Bhuaigh Viki Gabor ón bPolainn an comórtas anuraidh, agus dá bhrí sin, bhí an comórtas ar siúl sa phríomhchathair, Vársá ag an deireadh seachtaine.



Roinn Froebel don Bhuin- agus Luath-
Oideachas, Ollscoil Mhá Nuad,



Coláiste Mhuire,
BÁC 7

An Chomhairle um Oideachas
Gaeilte & Gaeilcoláiochta

